Uaisle cinidh Clann Shuibhne
[O’Conor Don, 387b]
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Uaisle cinidh clann tShuibhne
d’ighibh na nGall a ngeimhle
ag ol cúach rí chloind tShuibhne
Goill ag suirge a mbruach mheirghe.[a]
2 Do cloinn ChonuillNéil[l] roimhe [388a]
crobhuingméin don chlainn eile
síol Neill is Niall da bfine
da degh[r] thoigh[e] um íadh nEine.
3 Mac Suíbhne cenn a chine[idh]
rén cuibhdhe tenn um thoruidh
um chlár mBregh ttreabur bfuinidh[a]
ní fhuirigh ferann[r] d’foghail[a]
4 Búdh triath donnbreaghmac Úaine[a]
Toirrdealbach ó íath Íle
rí oile tre f[h]er nÁine
ben táige roimhe a righe.
5 Mna ag phógshuirge ar broinn barrún
rí(o) chla[i]nn ógShuibhne ar oilén
tech da shlúagh mbarr ag miodhól[a]
da tionol crann ruad roigér.
6 Tug a fhoghail ar impir
do sgoloibh gé thug tenncor
um chlár mBregh tre thuir tTaillten
tairgter tegh tuir ar thempol.
7 A sgáoile ag mac Mháol Mhuire
cam[r] a nglac ré na ngile
d’feichiom rígh Bregh a mbaile
fer faire gan fhín d’ibhe.
8 Do iarr fairrge ar nár urmais
ar ttriall ar bfairrge bfhionnghlais
tug ar snámh a Muaidh merghlais
a mhám d’englais fhúair ionnmhais.
9 Cennchoidh s[o]in dán gan dénam
dan lé sgoil aga sgríobhadh
do bhí fa dhigh ’gan dúnadh
dúnadh fhir Lí gur líonad[h].
10 A crann ga crann is ríghne
a lann ga lann as daing[n]e
ar arm ag mac seng Suibhne
cuimne prap um chenn Cairbhe.
11 Derbtur fáobur airm úaine
a mbáoghal re báidhbh Sgoinde
a ccomhdhail budh díol dáimhe
fainde ríogh bhonnbháin Bhoinde.
12 Mac Suibhne ó fhíon ag ealódh

go síth ag suirge os gríanál
ionnluidh ben barr a nuaidhmhér
d’fhúaighel cnedh Gall ’na gríanán.
13 D’éis doirre ré mnáibh malla
do-cháidh ’na coinne hsíodha
ag triath mór Mhuighe Léna
luidhe um shéala ag ól fhíona.
14 Cantur re cleith sháoir sholáin
da reith ar cháoin a coiléir
sgéula ad luing a uaimh ainiuil
tar tuinn ttaighiúir nfuair n-oiléin.
15 Cúaich go n-ór fad t’fhíon mbruinnte
don ór do líon na linnte
f(h)ás ód triall-sa thoir Taillte
airgfe a bfoil d’íarsma innte.
16 Linghe treasa as clár Cairbhe [388b]
ré hágh dha cresa coimhdhe
láoich ad mhúr a Mheic Suibhne
cuimhne ón gleic im dhún Dóigre.
17 Go trath loighe um Bhoinn mbreicghil
doire sróil ar bar(r) slatuibh
binnsi réidh ad luing lethdhuibh
sreth[t]uir fa chéir ttruim ttapuir.
18 Albanuigh ad luing leabhair
ar tuinn ardomha[i]n d’fhoghail
do cor a rí um chenn cCaluidh
ní fhaghuib dream í oraibh.
19 Mall táinchrech mhuighe Málann
’mad(h) doire ngáibhthech ngér[re]ann
réidh réd linn-si an clár ceómall
feórann bhán innsi Éirenn.
20 Gormmuir Bhanbha a bhen Ír[e]
ben th’faghladh foghluid Éile
do bhíodhbha a rí geal Gáille
a bhen táighe as í Éire.
21 Laigheng mhall re Mac Suibhne
mur da ghlac crann na Cairbhe
coímhdhe oile a crios coimdhe
slios coínnle gloine gaillbhe.
22 Da chúan na cúrad ghléghil
slúagh Fánad aga n-íarruidh
tosach deabhtha doimh bhúruigh
gealchna úraigh ghloin gríanuigh.
23 Bric gheala lámh ré longBhoinn
ag ál eala da n-áimhdheóin
cod(h)laidh fer ós linn Lomhnáin
ré fedh comhráidh bhinn bhailbheóin.
24 Ubhla corcra ar bruinn Bhúille
a ccoill chorcra ré chéile

gonuigh linn mhoighe Múaighe
rinn sdúaighe gloine géire.
25 Mac Lasrach Fíona fionndhubh
mac bhaslach fíona a bfainnibh
sreabh ’na sdú(i)aig ghil tar glúinibh
da nigh lúirigh fhúair fhainnigh.
26 Re gribh mBregh na ccrann ccroibheg
do sgáoil ben a barr núalag
sgabal fa ghéig bféil bFánad
bréid braghad Néil is Núadhad.
27 Ceir ar na cur ar lasadh
ar léim ina loing laision
do chennuigh sídh dé dhosan
ar osadh rígh Cé um Chaisiol.
28 Toirrdhealbach gé tá ar glanmhuir
mná i loingbreagh(aa)mach da lenmhuin
Mac Súibhne a[gu]s é a n-iomdhuigh
diongmhuidh sé buídhne ar bernuigh.
29 Cuirn ’ga ndáil ar bharr Banna
go mall ag na mnáibh fionna
roinnter eich aice orra
longa ar creich slaite Sionna.
30 Sgáoi ghadhar ag fer Fréumhann [389a]
da len caluidh cnódhonn
proinn an ríogh ó chlár Cúalann
fíon núadhonn ré mám mónonn.
31 Tug an ioghanchill échda
ar fud Iubharchinn trachta
nocha bí fa fhonn Eórpa
long sheólta acht sa mí Márta.
32 Mac Súibhne ón Bhanna bháin-si
erra gan doilghe ór nduais-ne
rí fa bhladh da mbé as-tír-si
gar don rígh-si é a n-uaisle. U.
33 Ben Mic Shuibhne ó shíth É[n]du(ir)
eala Náis do-ní réidhe
gach mer do bhais ghil Grainne
tré igh fhainne chais chéibhe.
34 Inghen dhércach Í Dhomhnaillr
drech fhíal as f[h]err um dhaghdhúais
cloch fa gribh Bhregh da boinnghéis
troimghéis gheal mhín do mallghlúais. U.
35 Conna mac Fionntain fáthach
fúair díon is díon dar ngúais-ne
do bhí a n-úaidh ’s gan é a n-ísli
dísli Dé f[h]úair ré a úaisle. Uaisle...